Strategic and corporate planning	<p>The Commission's functions and responsibilities are set out in the Aviation Act 2001, the State Airports Act 2004 and the Aviation Act 2006.</p> <p>The Commission annually sets out a work plan for each functional area designed to satisfy its objectives and statutory obligations. The Commission reports annually to the Minister for Transport on the manner in which these functions have been discharged in the previous year.</p> <p>The Commission has not prepared a five year strategic plan, by agreement with the Department of Transport following the October 2009 government announcement that the Commission would merge with the National Transport Authority. More recently, the Government's November 2011 <i>Public Sector Reform Plan</i> announced that it would merge a part the IAA with the Commission in 2012. This was revised by government in 2012 to a new date of December 2014.</p>
Tax compliance	The Commission is liable to PAYE, VAT and PSWT. The Commission has submitted all relevant tax returns for 2012 and is fully tax

	compliant.
Statement of Internal Financial Control	The Commissioner has confirmed in the Financial Statements for 2012 that a review of the effectiveness of the system of internal financial control was conducted. The SIFC contains a comprehensive set of policies and procedures relating to financial controls. For the purpose of Oireachtas accountability, the Commissioner is the Accountable Officer.
Travel Policy	The Commission complies with Government travel policy requirements.
Disclosure of interests	The Commissioner, his staff, and all consultants and advisers, as required, comply with the relevant disclosure requirements arising under section 18 of the Ethics in Public Office Act 1995 and sections 17-18 of the Aviation Regulation Act, 2001.
	The Public Appointments Service is responsible for organising open competitions to appoint Members of the Commission. There is currently one Commissioner.
Risk Management	The Commission maintains a risk register which is regularly reviewed by the senior management and the Commission works with the audit committee to manage risks.

## **FINANCIAL INFORMATION**

### **Levy**

For the purpose of meeting expenses properly incurred in discharging its functions, the Commission may make regulations imposing a levy to meet but not to exceed its estimated operating costs and expenses. The levy is payable by such classes of undertakings as may be specified by the Commission.

On 21 December 2012, the "Aviation Regulation Act 2001 (Levy No. 13) Regulation 2012" (S.I No. 546 of 2012) gave effect to the Commission's Levy for 2013. The revenues the Commission expects to receive from the levy in 2013 are 13% higher than the 2012 levy revenues.

The Commission set the 2013 levy having regard to operating costs and expenses over a five-year horizon. This change is intended to smooth the annual fluctuations in the levy.

### **Financial Statements**

During 2012, the financial statements for 2011 were audited by the Comptroller and Auditor General and submitted to the Minister. They were laid before the Houses of the Oireachtas on 18 October 2012. These accounts are available on the Commission's website.

Draft financial statements for the year ended 31 December 2012 have been prepared, and were submitted for audit by the Comptroller and Auditor General on 28 February 2013. An extract from those statements is provided in the following pages.

<b>DRAFT Income and Expenditure Account for the Year ended 31 December 2012</b>					
			<b>Notes</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
<b>Income</b>				<b>€</b>	<b>€</b>
Levy Income			1	2,220,260	2,458,750
Licence Fees			1	168,263	199,832
Other			1	41,513	41,714
<b>Gross Income</b>				<b>2,430,416</b>	<b>2,700,296</b>
Transfer (to)/from Capital Account			9	15,380	16,688
<b>Net Income</b>				<b>2,445,416</b>	<b>2,716,984</b>
<b>Expenditure</b>					
Staff Costs			3	1,293,962	1,288,410
Pension Costs			10 (a)	136,023	136,178
Consultancy				26,351	172,878
Legal Fees				181,370	(160,167)
Rent				282,363	282,550
Schedules Facilitation				277,806	280,369
Other				429,056	394,427
			2	2,626,931	2,394,645
Operating Surplus / (Deficit)			14	(181,515)	322,339
Balance as at 1 January				2,284,725	1,962,386
Balance as at 31 December				2,103,210	2,284,725

The Statement of Accounting Policies, Cashflow Statement and the Notes 1 to 18 form an integral part of these Financial Statements.

**Cathal Guiomard**  
**Commissioner**

**28<sup>th</sup> February 2013**

<b>DRAFT Statement of Total Recognised Gains and Losses for Year ended 31 December 2012</b>			
		<b>2012</b>	
	<b>Notes</b>	<b>€</b>	
Operating Surplus		(181,515)	322,339
Actual return less expected return on pension scheme assets	10 (c)	112,950	(163,859)
Experience gains/(losses) arising on pension scheme liabilities	10 (d)	46,618	65,369
Changes in assumptions underlying the present value of the pension scheme liabilities		-	-
Actuarial gain/(loss)		159,568	(98,490)
<b>Total Recognised Gains/(Losses) relating to the Financial Year</b>		<b>(21,947)</b>	<b>223,849</b>

The cumulative loss recognised from actuarial gains and losses arising in the last four years amounts to €247,131.

Movement in Pension Reserve	<b>2012</b>	<b>2011</b>
Balance at 1 January	(202,081)	(103,591)
Actuarial Gain/(Loss)	<u>159,568</u>	<u>(98,490)</u>
Balance at 31 December	<u>(42,513)</u>	<u>(202,081)</u>

The Statement of Accounting Policies, Cashflow Statement and the Notes 1 to 18 form an integral part of these Financial Statements.

**Cathal Guiomard**  
**Commissioner**

**28<sup>th</sup> February 2013**

<b>DRAFT Balance Sheet as at 31 December 2012</b>					
			<b>2012</b>		<b>2011</b>
	<b>Notes</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Fixed Assets</b>					
Tangible Assets	4		18,355		33,735
<b>Current Assets</b>					
Bank Accounts	5	15,522,828		14,347,438	
Debtors and Prepayments	6	249,154		949,398	
		15,771,982		15,296,836	
<b>Creditors:</b>					
<b>Amounts falling due within one year</b>					
Creditors and Accruals	7	(337,316)		(157,100)	
Cash Bond Accounts	5	(13,244,738)		(12,478,82)	
		(13,582,54)		(12,635,92)	
<b>Net Current Assets / (Liabilities)</b>			2,189,928		2,660,910
<b>Total Assets less Current Liabilities</b>			2,208,283		2,694,645
<b>Provisions for Liabilities and Charges</b>	8		-		(325,533)
<b>Net Assets Excluding Pension Liability</b>			2,208,283		2,369,112
Net Pension Asset/(Liability)	10 (b)		(129,231)		(252,733)
<b>Net Assets / (Liabilities) including Pension Asset/(Liability)</b>			2,079,052		2,116,379
<b>Financed By</b>					
Income & Expenditure Account Surplus/(Deficit)			2,103,210		2,284,725
Capital Account	9		18,355		33,735
Pension Reserve			(42,513)		(202,081)
			2,079,052		2,116,379

The Statement of Accounting Policies, Cashflow Statement and the Notes 1 to 18 form an integral part of these Financial Statements.

**Cathal Guiomard  
Commissioner**

**28<sup>th</sup> February 2013**

<b>DRAFT Cashflow Statement for the Year ended 31 December 2012</b>			
		<b>2012</b>	<b>2011</b>
	<b>Notes</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Reconciliation of operating surplus to net Cash inflow/(outflow) from operating activities</b>			
Surplus/(Deficit) on Income and Expenditure		(181,515)	322,339
Difference between Pension Cost and Employer Contribution		36,066	38,070
Depreciation	4	15,154	16,688
Bank Interest		(37,577)	(29,061)
Transfer (from)/to Capital Account		(15,380)	(16,688)
Decrease/(Increase) in Debtors	6	701,914	380,755
Decrease/(Increase) in Prepayments	6	(1,671)	4,321
(Decrease)/Increase in Creditors	7	46,250	4,549
(Decrease)/Increase in Accruals	7	133,967	(86,841)
(Decrease)/Increase in Provisions	8	(325,533)	(267,397)
<b>Net Cash Inflow/ (Outflow) From Operating Activities</b>		371,675	366,735
<b>Cash Flow Statement</b>			
Net Cash Inflow/ (Outflow) From Operating Activities		371,675	366,735
Returns on Investments			
Bank Interest		37,578	29,061
Capital Expenditure			
Purchase of fixed assets	4	225	-
Financing			
Increase / (Decrease) in Cash Bond Accounts & TPF	5	765,912	(293,851)
Management of Liquid Resources			
(Increase) / Decrease in Funds on Deposit	5	(416,365)	(531,516)
<b>Increase/(Decrease) in Cash Balances</b>		759,025	(429,571)
<b>Reconciliation of net cash flow to movements in net funds</b>			
Increase/(Decrease) in cash in hand in the period		759,025	(429,571)
Cash used to (decrease)/ increase liquid resources	5	416,365	531,516
Change in Net Funds		1,175,390	101,945
Opening Net Funds		14,347,438	14,245,493
Closing Net Funds		15,522,828	14,347,438

The Statement of Accounting Policies, Cashflow Statement and the Notes 1 to 18 form an integral part of these Financial Statements.

**Cathal Guiomard**  
**Commissioner**

**28<sup>th</sup> February 2012**



## APPENDIX

### Commission Papers in 2012

CP1/2012 April 2012	Future Investments and the Regulatory Till
CP2/2012 November 2012	Consultation on the decision of the 2012 Aviation Appeals Panel
CP3/2012 December 2012	Investments in Commercial Activities: Capex consultation guidance and Implications for the Regulatory Till
CN1/2012 June 2012	Travel Trade Licensing Arrangements for Autumn 2012

### Output Report

#### Charges and Slot Regulation

2012 Goal	2012 Outturn
Re-examine the existing approach to making determinations for Dublin airport charges, identifying those areas, if any, where changes might be required	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Consultation paper published in April</li> <li>➤ Final Commission Paper published in December</li> </ul>
Advise on possible changes to the slots regime	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ No advice sought by DTTAS</li> </ul>
Monitor compliance with existing price caps and ensure continued smooth operation of the current scheduling regime at Dublin airport.	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Commission satisfied that IAA and DAA complied with price cap</li> <li>➤ Reviewed security queue measurements</li> <li>➤ Attended Co-ordination Committee Meetings and interacted with ACL to monitor traffic trends at Dublin airport</li> </ul>

#### Licensing and Approvals

2012 Goal	2012 Outturn
<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Ensure air carrier licence-holders meet the requirements of the legislation</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ All existing licence holders were monitored for compliance with legislation</li> <li>➤ Two year review of operating licence undertaken as required</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Online licensing facility</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Published user guide on how to register to use the online system</li> </ul>

➤ Promote greater understanding of the air carrier licensing regime amongst licence holders and the public	➤ Licence discs for 2013 were issued to all helicopter and small aircraft operators
➤ Continue to license and monitor groundhandling companies	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ All Groundhandling Approval holders provided up to date financial information and insurance cover</li> <li>➤ Groundhandling Approvals held by 5 companies expired and were successfully renewed</li> </ul>
➤ Continue to administer the licensing and bonding scheme for travel trade companies in Ireland	➤ 273 licences issued and 42 companies visited to assess compliance
➤ Prepare for the potential impact of European legislation on the workings of the current travel trade regime in Ireland	➤ A number of meetings held with representatives from the Department of Transport and the Attorney General's Office, developing a policy response to the impact of European legislation

### Air Passenger Rights

2012 Goal	2012 Outturn
➤ Ensure compliance with EC laws concerning passenger rights	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ 807 new complaints received. 298 for counterpart enforcement bodies</li> <li>➤ 509 complaints investigated and 436 concluded</li> <li>➤ 8 airports inspected</li> </ul>
➤ Increase public awareness of air passenger rights issues	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Participated in Air Passenger Rights day at Dublin Airport</li> <li>➤ Participated in Holiday World fair in Dublin</li> </ul>


### Key Performance Indicators

Performance Indicator	2012 Performance
Licensing	
Licence applicants notified of missing documents within a week	57%
Licence applicants receiving a decision in principle within a month	46%
Licences issued within two weeks of all documents being received	100%
Number of licensees' premises visited	42
Claims and Repatriations	

Number of claims received following travel-trade collapses	0
Number of claims processed within two months	n/a
Number of claims processed within four months	n/a
Number of claims processed within six months	n/a
Administration costs as a percentage of total claims costs	n/a
Number of passengers repatriated	n/a
Passengers awaiting repatriation after scheduled return date	n/a
Passengers awaiting repatriation for more than a week	n/a
Consumer Protection	
Preliminary reviews of complaints completed within a week	82%
Complaints referred to another NEB within a month of receipt	100%
Investigations completed within three months of receipt <sup>7</sup>	78%
Investigations completed within seven months of receipt <sup>8</sup>	88%
Number of airport inspections	8
Costs	
Annual change in Commission costs	10%
Annual change in Commission costs (excluding legal fees, airport coordination and claims processing costs)	-5%

<sup>7</sup> For complaints received between 1 January and 31 October 2011.

<sup>8</sup> For complaints received between 1 January and 31 July 2011.



## **TUARASCÁIL**

**don**

**AIRE IOMPAIR**

**don bhliain dar críoch**

**31 NOLLAIG 2012**

**Márta 2013**

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta  
3<sup>ú</sup> Urlár**

**Teach Alexandra  
Ardán Phort an Iarla  
Baile Átha Cliath 2**

**Teil +353 (0) 1-6611700, Faics +353 (0) 1-6611269**

**ríomhphost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)  
[www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie)**

## CLÁR NA nÁBHAR

<u>RÉAMHRÁ</u> .....	39
<u>MUIRIR AGUS RIALÚ SEALANNA</u> .....	43
<u>CEADÚNÚ AGUS CEADANNA</u> .....	51
<u>CEARTA AERPHAISINÉIRÍ</u> .....	57
<u>FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA</u> .....	64
<u>FAISNÉIS AIRGEADAIS</u> .....	68
<u>AGUISÍN</u> .....	74




## RÉAMHRÁ

Comhlacht poiblí neamhspleách an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a shocraíonn caidhp praghais ar mhuirir eitlíochta áirithe, ar cheadúnais nó a údaraíonn aerlínte, láimhseálaithe ar an talamh agus an trádáil taistil, agus a fhorfheidhmíonn cearta áirithe atá ag aerphaisinéirí.

Déantar cur síos níos deireanaí sa tuarascáil seo ar an obair a bhí ar bun againn sa bhliain 2012. Tugaim tráchttaireacht ghearr sa Réamhrá seo ar an treocht is déanaí i gcostais na hoifige, ar fhorfheidhmiú cearta aerphaisinéirí agus ar na príomhdhúshlán a bheidh ar an oifig sa bhliain 2013.

Bhí easpa beochta i dtionscal eitlíochta na hÉireann sa bhliain 2012. Leanadh le feabhas beag i líon na bpaisinéirí in aghaidh na bliana ag aerfort Bhaile Átha Cliath (ardú 2 faoin gcéad go dtí 19.1 milliún). Bhí ardú beag ar líon iomlán gluaiseachtaí aerárthaigh (ardú 0.3 faoin gcéad), arb ionann é agus ardú beag i mBaile Átha Cliath agus laghdú i gCorcaigh agus laghdú níos mó i Sionainn. Thuairiscigh na haerlínte níos mó atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún go raibh brabús á dhéanamh acu, brabús níos mó i gcásanna áirithe, sa bhliain 2012. Bhí staid airgeadais roinnt de na hiompróirí níos lú lag i gcónaí. Maidir leis an trádáil taistil, bhí ardú beagnach 7% go dtí €1.1 billiún ar láimhdeachas incheadúnaithe na ngníomhairí taistil agus na dtionscnóirí turas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**Figiúr 1.1: Caiteachas an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta 2002 – 2012**



Is é an tionscal eitlíochta a íocann as caiteachas an Choimisiúin; bhí caiteachas measta<sup>9</sup> na bliana 2012 beagnach 35% níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2006, mar atá léirithe ar an gcairt thuas, figiúr a thugann le fios go bhfuil rialú airgeadais ina thosaíocht don údarás. Leanadh leis an laghdú ar ár mbunchostais sa bhliain 2012, agus bhí siad 5% níos lú arís. Buiséad €2.9 milliún atá againn don bhliain 2013, ar íslíú €0.65 milliún é ar bhuiséad 2012.

Cé gur 18 nduine an uasteorainn foirne atá ag an gCoimisiún, táimid i mbun feidhme faoi láthair le 15 dhuine, fad is atá líon folúntas á líonadh againn. D'éirigh linn ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go dtí seo le níos lú acmhainní trí atheagar a dhéanamh orainn féin, solúbthacht foirne, feidhmeanna riaracháin a aistriú ar líne agus trí bheith ag déileáil le líon níos lú caingne dlí.

D'éirigh leis an rialtas lárnach smacht níos fearr a choinneáil ar chaiteachas poiblí le blianta beaga anuas. Bealach cuiditheach chun na héifeachtúlachtaí breise atá ag teastáil a aimsiú is ea táscairí diana feidhmíochta a shocrú do chomhlachtaí poiblí, ar a laghad ar bhonn trialach. Shamhlófaí go dtabharfaí uathriail bainistíochta iomlán ar ais do bhainisteoirí freisin leis an gcur chuige seo, agus go mbeadh orthu ansin cuntas a thabhairt ar a bhfeidhmíocht go tráthrialta.

Achoimre ar an obair a bhí ar bun againn sa bhliain 2012: thugamar freagra do Phainéal Achomhairc a chuir an tAire Iompair ar bun chun breithniú a dhéanamh ar achomharc ó Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir leis an gcaoi ar caitheadh le cáilíocht seirbhíse agus le costais phinsin sa chaidhp praghais atá curtha ar mhuirir seirbhísí críochfoirt Údarás Eitlíochta na hÉireann. Níor athraíodh an chaidhp praghais. D'fhoilsíomar tuairiscí ráithiúla faoi bhearta a bhaineann le cáilíocht seirbhíse faoi choinne Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Údarás Eitlíochta na hÉireann, agus chuamar i mbun comhairliúcháin maidir le gnéithe den chóras rialála praghsanna. Maidir leis an earnáil ceadúnaithe, d'athnuamar 280 ceadúnas don trádáil taistil, rud a fhágann go ndéanfar a gcustaiméirí a aisíoc nó a aisdhúichiú más gá. Dhearbhíomar go sásaíonn 60 aerlíne agus láimhseálaí ar an talamh riachtanais úinéireachta agus ghnó, lena n-áirítear oiriúnacht airgeadais agus clúdach árachais. Thugamar freagra freisin ar níos mó ná 3,000 fiosrú a rinne aerphaisinéirí, agus rinneamar imscrúdú ar isteach is amach le 500 gearán incháilithe ó phaisinéirí.

D'éiligh an rialtas ar chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2009 príomhtháscairí feidhmiúcháin (KPIanna) a bhailiú agus a fhoilsiú ar mhaithe le feabhas a chur ar chuntasacht comhlachtaí poiblí, agus thosaigh an Coimisiún ag

<sup>9</sup> Tá iniúchadh déanta ar na figiúirí do gach bliain ach amháin 2012, ar figiúirí dréachta iad. Déantar idirdhealú sa tábla idir bunchostais a bhfuil smacht níos mó ag an gCoimisiún orthu, agus costais a bhaineann le gníomhartha daoine eile a fhreagairt e.g. caingne dlí a chosaint, déileáil le teip gnólacht taistil, agus an costas a bhaineann leis an gcóras sceidilíthe sealanna.



déanamh amhlaidh sa bhliain 2011. Tá sé beartaithe againn go leagfadh ár gcuid KPIanna amach sprioc dár gcuid oibre a bheidh dúshlánach ach a bheidh indéanta go ginearálta. Tá torthaí iomlána gach ceann den naoi KPI déag don bhliain 2012 mar aon leis na figiúirí comparáideacha don bhliain 2011 le fáil san aguisín leis an tuarascáil seo.

Gné amháin dár gcuid oibre inar tharla sé nach raibh ár bhfeidhmíocht chomh maith agus ba mhaith linn sa bhliain 2011 ná forfheidhmiú cearta aerphaisinéirí. Níl aon amhras ach gur imir fachtóirí speisialta tionchar air sin, lena n-áirítear ardú as cuimse ar líon na ngearán i ngeall ar an méid a cuireadh isteach ar aerspás, agus na moilleanna a bhí ann fad is a bhí achomhairc dlí á mbreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá feabhas nach beag le feiceáil i dtorthaí na bliana 2012 (féach an tábla thíos): thug an Coimisiún níos mó ná trí cheathrú de na himscrúdúcháin maidir le gearáin paisinéirí chun críche laistigh de thrí mhí den ghearán a bheith faighte.

**Tábla 1.1: Táscairí feidhmíochta maidir le cosaint tomhaltóirí, 2012 v. 2011**

KPIanna um chosaint tomhaltóirí	2012	2011
Gearáin a athbhreithniú laistigh de 1 seachtain	86%	65%
Imscrúduithe a thabhairt chun críche laistigh de 3 mhí*	77%	31%
Imscrúduithe a thabhairt chun críche laistigh de 7 mhí*	87%	50%
Cigireachtaí a dhéanamh ar aerfoirt	8	9


\*Rinneadh moilleadh ar na figiúirí KPI chun go bhféadfaí iad a thomhas thar tréimhse míonna ina dhiaidh sin; cuimsíonn uimhreacha na bliana 2011 an tréimhse ó mhí Eanáir chomh fada le mí Iúil, agus cuimsíonn uimhreacha na bliana 2012 an tréimhse ó mhí Lúnasa 2011 chomh fada le mí an Mheithimh 2012.

Mar sin féin, fachtóir eile a imríonn tionchar ar an méid ama a theastaíonn ná an méid comhoibríthe a fhaightear ó na haerlínte. Bíonn comhoibriú iomlán anois ann ón gcuid is mó de na haerlínte i rith an phróisis chun gearáin a láimhseáil (sa mhéid is nach mbíonn fad ach le cásanna casta nó le cásanna atá teagmhasach ar chásdlí atá ar feitheamh). Ar an drochuair, bhí ar an gCoimisiún dul i ngleic go minic le American Airlines, le hAer Lingus agus le Turkish Airlines agus fad scéil a bhaint as cásanna a chreidimid a bheith inleigheasta go réidh. Ag tús na bliana 2012, bhain go leor de na cásanna a bhí ag tógáil níos faide ná ba cheart chun iad a réiteach leis na haerlínte sin. Tháinig feabhas áirithe ar an scéal sin sa dara leath den bhliain 2012. Leanaimid orainn de bheith ag lorg tuilleadh feabhais ó na haeriompróirí sin.

Áireofar i measc phríomhdhúshláin an Choimisiúin sa bhliain 2013 a bheith ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann chun rialáil eitlíochta in Éirinn a chomhtháthú. Tá athbhreithniú ar bheartas eitlíochta seolta chuig an Roinn Iompair freisin a bhfuil tús le cur leis sa bhliain 2013. Tabharfaidh sé sin deis, inter alia, do pháirtithe leasmhara aon athrú ar mian leo a fheiceáil i róil reachtacha an Choimisiúin a mholadh. Leantar leis an obair ag leibhéal an AE ar an 'bpacáiste aerfoirt', ar corpas rialachán nua nó athbhreithnithe é a dhéileálann le laghdú torainn (nach freagracht de chuid an Choimisiúin é),

rialacha maidir le sealanna a chionroinnt ag aerfoirt agus maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh. Táimid ag fanacht le pacáiste an AE a bheith tugtha chun críche maidir leis sin chun go mbeimid in ann a theacht ar thuiscint ar na himpleachtaí, más ann dóibh, a bheidh ann don oifig againne. Cuirfidh an Coimisiún tús le comhairliúcháin sa bhaile chun a theacht ar chinneadh maidir leis an gcéad chaidhp praghais eile d'aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2014.

D'fhill beirt chomhghleacaithe ar an Roinn Iompair ag deireadh a dtréimhse iasachta ag deireadh na bliana 2012 agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as ucht a gcuid oibre leis an gCoimisiún. Is mian liom freisin mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl do mo chomhghleacaithe eile as a dtiomantas agus a ndíograis.



Cathal Guiomard  
An Coimisinéir

## MUIRIR AGUS RIALÚ SEALANNA

### Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún na rudaí seo a leanas:

- socraíonn sé caidhp praghais a chuireann srian leis an ioncam iomlán in aghaidh an phaisinéara ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath;
- socraíonn sé caidhp praghais a chuireann srian leis an ioncam iomlán in aghaidh an phaisinéara ar féidir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann a bhailiú ó mhuirir seirbhísí críochfoirt eitlíochta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne;
- ní mór dó faomhadh a thabhairt i dtaca leis na muirir a ghearrann aerfoirt ar aerlínte chun íoc as seirbhísí do phaisinéirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu;
- ní mór dó faomhadh a thabhairt i dtaca le haon athrú ar na muirir a ghearrann na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Baile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne chun rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar; agus
- ainmníonn sé stádas sceidilithe aerfoirt na hÉireann faoi na Rialacháin um Chionroinnt Sealanna, agus sa chás go bhfuil gá leis, ceapann sé éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal.

Níl aon chumhacht ag an gCoimisiún muirir eile a rialú, lena n-áirítear:

- na muirir aerthráchta idirthurais a shocraíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann; agus
- muirir charrchlóis ag aerfoirt, agus i dtéarmaí níos ginearálta muirir nach muirir a bhaineann le haerloingseoireacht iad (ach amháin iad siúd a ghearrtar le haghaidh rochtana ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne).

Bhíomar in ann ár gcuid iarrachtaí a dhíriú ar thionscadail níos fadtréimhsí i ndáil le rialú muirear agus sealanna an chuid is mó den bhliain 2012 seachas a bheith ag déileáil leis an bpróiseas cinnteoireachta láithreach chun caidhp praghais a shocrú.

Bhí orainn aghaidh a thabhairt ar Phainéal Achomhairc níos deireanaí sa bhliain a bhain leis an gcinneadh a rinneamar sa bhliain 2011 chun muirir seirbhísí críochfoirt eitlíochta a rialú.

### Muirir Aerfoirt

Thugamar chun críche sa bhliain 2012 an tiomantas a rinneamar chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le hioncaim agus le costais seirbhísí nach seirbhísí aerloingseoireachta iad ag aerfort Bhaile Átha Cliath ó thaobh na rialála de. Tionscadal é seo a bhaineann leis an scipéad rialála ar thugamar le fios go dtabharfadh muid faoi ag an am a ndearnadh Cinneadh 2009 as siocair gur léirigh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Ryanair araon gur mhaith leo an cur chuige reatha a athrú.

D'fhoilsíomar dhá pháipéar faoin topaic sa bhliain 2012. I mí Aibreáin, d'eisíomar páipéar comhairliúcháin a leag amach i dtéarmaí ginearálta an cur chuige a bhí againn, is é sin go rabhamar i bhfábhar cur chuige an 'scipéid shingil' a choinneáil maidir le rialúchán, i.e. ag féachaint do ghlan-ioncaim tráchtála nuair atáthar i mbun caidhp praghais a shocrú i dtaca le muirir aerfoirt. Ag an am céanna, thugamar le fios go rabhamar toilteanach breithniú a dhéanamh ar mhionathruithe i gcásanna ina raibh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ag iarraidh dul ar aghaidh le hinfheistíocht i ngníomhaíocht tráchtála a raibh úsáideoirí in amhras go mór fúithi. Thug Aer Lingus, Airports Council International, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus IATA freagra ar ár bpáipéar comhairliúcháin. Bhuaileamar le hAer Lingus agus le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun a gcuid freagraí a phlé.

D'fhoilsíomar páipéar deiridh faoin topaic i mí na Nollag inar leagamar amach treoirínite faoin gcaoi a gcaithfeadh muid le hinfheistíochtaí tráchtála ag aerfort Bhaile Átha Cliath sa todhchaí ó thaobh na rialála de. Tugann na treoirínite aghaidh ar chásanna ina bhféadfadh úsáideoirí cur in aghaidh an cháis ghnó atá déanta ar son infheistíochta tráchtála atá molta ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ligeann siad d'úsáideoirí agus d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath easaontú go cairdiúil maidir le hionchais tráchtála infheistíochta ar leith gan ceachtar den dá pháirtí a bheith ag aireachtáil faoi oibleagáid a dtuairim féin a chur ina luí ar an rialaitheoir. Ina áit sin, bheadh dreasachtaí ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an infheistíocht a dhéanamh, agus fios iomlán acu gur air féin a bheadh na rioscaí (ag coinneáil aon bhrabús a d'fhéadfadh a bheith ann, ach ag tabhairt frithgheallúna maidir le haon chaillteanas).

Cuirfimid tús i mbliana le comhairliúcháin chun an chéad chaidhp praghais eile a chinntiú. Táimid i mbun oibre leis an amchlár atá ar taispeántas sa tábla thíos, agus táimid ag beartú an cinneadh deiridh a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2014. Taispeánfar aon athrú a dhéanfar ar an amchlár seo ar ár láithreán gréasáin, a mbeidh amchlár a bheidh suas chun dáta air i gcónaí.

**Tábla 2.1: Amchlár don Chéad Chinneadh Eile maidir le Muirir Aerfoirt**

Bealtaine 2013	Cuntais rialála Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus toradh an chaiteachais chaipitil don bhliain 2012 le cur isteach chuig an gCoimisiún
Iúil 2013	Páipéar Saincheisteanna le foilsiú ag an gCoimisiún
Meán Fómhair 2013	Spriocdháta do fhreagraí don Pháipéar Saincheisteanna

Meán Fómhair 2013	Moladh Rialála le cur ar fáil ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
Samhain 2013	Spriocdháta do thuairimí maidir le Moladh Rialála Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
Bealtaine 2014	Cinnidh Dréachta le foilsiú ag an gCoimisiún
Iúil 2014	Spriocdháta do fhreagraí don Chinneadh Dréachta
Meán Fómhair 2014	An cinneadh deiridh le foilsiú ag an gCoimisiún

## Muirir Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta

Cuireadh ar an eolas muid i mí Lúnasa 2012 go raibh painéal achomhairc curtha ar bun ag an Aire chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh a rinneamar a rialaíonn leibhéal na muirear seirbhísí críochfoirt eitlíochta ar féidir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann a ghearradh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne. Tugadh an tasc don Phainéal breithniú a dhéanamh ar achomharc a rinne Údarás Eitlíochta na hÉireann faoin réimeas cáilíocht seirbhíse a bhí molta agus faoin gcaoi ar caitheadh le costais phinsin.

Mar a rinneamar le painéil achomhairc roimhe sin a cuireadh ar bun chun achomharc a dhéanamh ar chinntí an Choimisiúin, chuireamar an t-eolas a d'iarr an Painéal ar fáil dó ach staonamar ó bheith ag gníomhú mar fhreagróir i rith an achomhairc. Chuir an Painéal an Cinneadh faoi bhráid an Choimisiúin ar ais le haghaidh a athbreithnithe i ndáil leis an gcaoi a raibh sé ag caitheamh le costais phinsin, ach seachas sin dhiúltaigh sé na forais eile a bhí curtha chun cinn ag Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Fuaireamar an t-atreorú i mí na Samhna. D'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin a thug cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt. D'fhreagair dhá pháirtí leasmhara faoin sprioc, Aer Lingus agus Údarás Eitlíochta na hÉireann. I mí Eanáir 2013 d'fhoilsíomar ár gcinneadh inar dearbhaíodh ár gCinneadh ón mbliain 2011.


## Monatóireacht Rialála

Chuir an Coimisiún tuairiscí ráithiúla i dtoll a chéile sa bhliain 2012 inar tugadh torthaí faoi cháilíocht seirbhíse i dtaca le bearta éagsúla a imríonn tionchar ar an gcaoi a ríomhtar an chaidhp praghais d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Tá dreasacht airgeadais ann d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath spriocanna sonraithe atá leagtha síos i ndáil le dhá bheart déag a bhaint amach, ar spriocanna iad a bhaineann le cáilíocht seirbhíse sa scéim monatóireachta, lena n-áirítear bearta maidir leis an méid ama a chaitear sna scuainí slándála, an crios bagáiste a bheith ar fáil agus na torthaí a fuarthas ar shuirbhéanna éagsúla a rinneadh ar phaisinéirí.

Fuaireamar comhfhreagras sa bhliain 2012 ó úsáideoirí inar léirigh siad a míshástacht faoi fhad na scuainí slándála, na scuainí i gcríochfort a haon go háirithe. Bhuailomar le baill de Choiste Oibrítheoirí an Aerfort chun a n-ábhar imní a phlé. Shocraíomar iniúchadh freisin ar an gcóras uathoibríoch ar ghlac Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath leis i mí an Mhárta chun fad scuainí a thuairisciú. Mar thoradh ar an iniúchadh sin, d'iarramar ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath mionathrú a dhéanamh ar an gcaoi ar aistrigh siad na bunsonraí ina n-amanna tuairiscithe i scuaine. Taispeánann an chairt thíos na torthaí don tréimhse ama is faide sa scuaine slándála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2012. Sáraíodh an sprioc de 30 nóiméad faoi dhó. I dtéarmaí níos ginearálta, léiríonn na hamanna a taifeadadh gur éirigh na scuainí slándála laethúla is faide níos mó i rith na bliana, sular laghdaigh siad arís sa dá mhí dheireanacha.

**Figiúr 2.1: An Scuaine Slándála is Faide a Tomhaiseadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath Gach Lá, 2012**



*Foinse: Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath*

I gcás bearta eile a bhaineann le cáilíocht seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, bhí na torthaí dearfach, go ginearálta. Theip ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an sprioc a bhaint amach sa cheathrú ráithe sa bhliain 2011 maidir le rochtain ar an Idirlíon agus WiFi, ach is cosúil gur thug a ghníomhartha ina dhiaidh sin aghaidh ar na hábhair sin mar go bhfuil an sprioc don tomhas sin maidir le cáilíocht seirbhíse bainte amach go héasca aige ó shin.

Is é an toradh a bhí ar na trí shárú spriocanna maidir le cáilíocht seirbhíse (dhá cheann acu i ndáil le scuainí slándála, agus ceann amháin le húsáideoirí a bheith sásta le Rochtain ar an Idirlíon agus le WiFi) go mbeidh laghdú níos mó ná €300,000 ar an ioncam a bheidh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath in ann a bhailiú ó mhuirir aerfoirt.

Bhain Údarás Eitlíochta na hÉireann amach a spriocanna maidir le cáilíocht seirbhíse.

## Caidhpeanna Rialaithe Praghaís agus Muirir Fhaofa

Tábla 2.2: Achoimre ar Chaidhpeanna Rialaithe Praghaís<sup>10</sup>

Cineál Caidhp Praghaís	Caidhp Praghaís 2013
Muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath	Níor cheart di a bheith níos airde ná €10.67 in aghaidh an phaisinéara
Muirir seirbhísí críochfoirt eitlíochta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne	Níor cheart di a bheith níos airde ná €153.72 in aghaidh an aonaid seirbhíse críochfoirt

Ní bhfuairamar aon iarratas sa bhliain 2012 ó na comhlachtaí bainistíochta aerfoirt chun muirir i ndáil le 'rochtain ar shuiteálacha aerfoirt' (a nglaoitear muirir ATI orthu freisin) a fhaomhadh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne. Taispeántar na leibhéil muirir a faomhadh cheana féin thíos, agus iad nuashonraithe chun boilsciú a chur san áireamh sa chás inar cuí.

## Tábla 2.3: Achoimre ar Mhuirir Fhaofa

<sup>10</sup> Ag déanamh talamh slán de go mbainfí amach gach sprioc maidir le cáilíocht seirbhíse.

Cineál muirir rochtana (ATI)	Muirir ATI faofa amhail an 1 Eanáir 2013
Táille in aghaidh na bliana do dheasc seiceála isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath Deasc seiceála isteach solúbtha – cíós in aghaidh na huaire	Táille in aghaidh na bliana: €25,606 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana Táille cíosa: €31 in aghaidh na huaire (nó cuid d'uair)
Táille in aghaidh na bliana do dheasc seiceála isteach ag Aerfort Shionainne Deasc seiceála isteach solúbtha – cíós in aghaidh na huaire	Táille in aghaidh na bliana: €9,215 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana Táille cíosa: €23 in aghaidh na huaire (nó cuid d'uair)
Táille in aghaidh na bliana do dheasc seiceála isteach ag Aerfort Chorcaí Deasc seiceála isteach solúbtha – cíós in aghaidh na leathuaire	Táille in aghaidh na bliana: €13,343 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana Táille cíosa: €5.34 in aghaidh na leathuaire (nó cuid de leathuair)
Táillí CUTE <sup>11</sup> ag Aerfort Shionainne	€0.30 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord
Táillí CUTE ag Aerfort Chorcaí	€0.24 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord

## Cionroinnt Sealanna


Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort in Éirinn a bhfuil comhordú á dhéanamh air de réir sealanna. D'ainmnigh an Coimisiún an t-aerfort mar aerfort atá comhordaithe de réir sealanna i mí Feabhra 2007. Is ar Airport Coordination Limited (ACL) a luíonn an fhreagracht laethúil as comhordú sealanna a dhéanamh ag aerfort Bhaile Átha Cliath, ar comhlacht é a ndearnadh athnuachan ar a chonradh mar chomhordaitheoir aerfoirt i mí an Mhárta go ceann cúig bliana eile. Bíonn ACL i mbun caidrimh laethúil le haeriompróirí chomh maith le bheith ag freastal ar chruinnithe faoi dhó in aghaidh na bliana ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Bíonn an Coimisiún ag freastal ar na cruinnithe sin freisin.

Tháinig ardú suntasach ar an éileamh i rith na mbuaic-uaireanta, go háirithe i rith an gheimhridh, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**Figiúr 2.2: Éilimh Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in aghaidh an lae, 2012 v. 2011**

<sup>11</sup> Trealamh Críochfoirt in Úsáid Choiteann.






Foinse: Nóta ACL: Is ionann Séasúr an Gheimhridh agus an tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2012 go dtí mí an Mhárta 2013.

Tharla sé níos minice in aerfort Bhaile Átha Cliath ná i gceithre aerfort sa Ríocht Aontaithe go raibh oibríochtaí gan seal ann, mar atá léirithe sa chart thíos. Murab ionann agus an Ríocht Aontaithe, níl réimeas foirmeálta smachtbhannaí i bhfeidhm in Éirinn i dtaca le sealanna ina ngearrtar pionóis orthu siúd a sháraíonn na rialacha. Ina áit sin, ní féidir leis an gcomhordaitheoir faoi láthair ach “seilbh a ghlacadh arís” ar na sealanna marthanachta, nó gan iad a chionroinnt arís ar iompróirí a sháraíonn an rialacha cionroinnte.

Figiúr 2.3: Sealanna nár Oibríodh agus Oibríochtaí gan Seal – Samhradh 2012



Foinse: ACL

### Clár Oibre don bhliain 2013

Aidhm	Gníomhartha chun an aidhm sin a bhaint amach
Tús a chur le hobair ar an gcéad chinneadh eile a rialaíonn muirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath	Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú
Comhairle a sholáthar maidir le hathruithe féideartha ar an réimeas sealanna	<p>Comhairle a sholáthar de réir mar a iarrtar é maidir le réimeas smachtbhannaí a thabhairt isteach</p> <p>Comhairle a sholáthar de réir mar a iarrtar é maidir leis an bpacáiste ‘aerfoirt níos fearr’ sa mhéid is a bhaineann sé le rialacháin sealanna</p>
Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaidhpeanna reatha praghais agus a chinntiú go leanfar le hoibriú réidh an réimis sceidilithe reatha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath	<p>Tuairiscí ráithiúla a fhoilsiú ar bhearta maidir le cáilíocht seirbhíse faoi choinne Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Údarás Eitlíochta na hÉireann</p> <p>Freastal ar chruinnithe de Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus a bheith i mbun teagmhála leis an ACL</p>

## CEADÚNÚ AGUS CEADANNA

### Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún na rudaí seo a leanas:

- aeriompróirí atá lonnaithe in Éirinn a cheadúnú, ar aeriompróirí iad a iompraíonn paisinéirí, postas nó lastas chun críche íocaíochta agus/nó fruilithe;
- gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear a cheadúnú
- scéim bhannaí do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a riar, agus éilimh aisíocaíochtaí agus aisdúichithe a phróiseáil sa chás ina dteipeann ar ghníomhaire taistil nó ar thionscnóir turas;
- líomhaintí faoi thrádáil mhídhleathach a imscrúdú agus, nuair is gá, trádálaithe mídhleathacha a ionchúiseamh; agus
- ceadanna a thabhairt do chomhlachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh, amhail aerárthaigh a chogairsiú, ualú/dí-ualú, athbhreoslú, láimhseáil bagáiste agus paisinéirí agus cothabháil aerárthach ag aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne.

Ní chuimsítear na nithe seo a leanas i ról an Choimisiúin:

- rialú sábháilteachta, ar feidhm de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann é;
- socruithe taistil i ndáil le taisteal intíre in Éirinn a cheadúnú;
- gearáin a láimhseáil ó thomhaltóirí maidir le gníomhairí taistil, tionscnóirí turas, óstáin, bagáiste nó aerlínte;
- gearáin maidir le fógraíocht a láimhseáil (ach amháin sa chás ina mbaineann sé le trádáil a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach a bheith ar bun).

Lean an Coimisiún leis ag déanamh riar ar an réimeas ceadúnaithe agus ar an réimeas faofa d'aeriompróirí, do láimhseálaithe ar an talamh agus do ghnólachtaí na trádála taistil in Éirinn. Mar atá léirithe i dTábla 3.1 thíos, ní raibh aon athrú sa bhliain 2012 ar líon iomlán na láimhseálaithe ar an talamh atá faofa, cé go raibh íslíú beag sna figiúirí i dtaca le gnólachtaí ceadúnaithe taistil agus le haeriompróirí.

Tábla 3.1: Líon na gCeadúnas agus na gCeadanna atá faofa ag an gCoimisiún

	Aer- iompróirí	Láimhseálaithe ar an talamh		Gníomh- airí Taistil	Tionsc- nóirí Turas
		Féinláimh-seáil	Tríú Páirtí		
<b>Sealbhóirí ceadúnas, 1 Eanáir 2012</b>	<b>15</b>	<b>12</b>	<b>36</b>	<b>223</b>	<b>53<sup>12</sup></b>
Ceadúnais / ceadanna nua	1	0	1	10	4
Ceadúnais aisghairthe / ghéillte	2	0	1	13	4
<b>Sealbhóirí ceadúnas, 31 Nollaig 2012</b>	<b>14</b>	<b>12</b>	<b>36</b>	<b>220</b>	<b>53</b>

Foinse: An Coimisiún

### Ceadúnú Aeriompróirí

Bhí ceadúnas ón gCoimisiún ag 14 aerlíne ag deireadh na bliana 2012. Rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnas i rith na bliana i dtaca le comhlíonadh na reachtaíochta a bhaineann le clúdach árachais, úinéireacht agus rialú agus maidir le hoiriúnacht airgeadais. Eisíodh dioscaí ceadúnais d'oibritheoirí aerárthach agus héileacaptar le haghaidh a dtaispeána i ngach ceann de na haerárthaigh atá liostáilte ar a nDeimhnithe Aeroibritheoirí. D'fhaomhamar sé iarratas ó aerlínte na hÉireann aerárthaigh atá cláraithe lasmuigh den Aontas Eorpach a léasú ar bhonn feistithe.

Bhí aeriompróir ceadúnaithe amháin níos lú ann ag deireadh na bliana 2012 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Fuarthas dhá iarratas nua ar cheadúnas oibriúcháin; eisíodh an ceadúnas i gcás amháin agus sa chás eile, bhí an t-iarratas á bhreithniú i gcónaí ag deireadh na bliana 2012. Rinne an Coimisiún ceadúnas oibriúcháin amháin a aisghairm i ndiaidh mainneachtain na cuideachta na riachtanais ábhartha a chomhlíonadh. Luaigh oibritheoir eile cúiseanna eacnamaíocha agus a cheadúnas oibriúcháin á ghéilleadh go toilteanach aige. Bíonn ceadúnais á n-athbhreithniú den chéad uairdhá bhliain tar éis a mbronnta. Bhí athbhreithniú amháin dá leithéid sa bhliain 2012. Ní dhearnadh aon athrú ar an gceadúnas.

Leanamar orainn i mbun monatóireachta ar staid airgeadais aeriompróirí. Rinneadh athstruchtúrú ar aerlíne amach sa bhliain 2012. Athrú úinéireachta a bhí i gceist ansin, agus rinneadh imscrúdú air i dtéarmaí riachtanais úinéireachta agus rialaithe na rialachán maidir le ceadúnú aerlínte. Bhí an t-athbhreithniú sin ar siúl ag deireadh na bliana 2012 agus táthar ag súil le cinneadh deiridh sa bhliain 2013.

<sup>4</sup> Tugadh 63, ar figiúr míchruinn é, i dtuarascáil na bliana seo caite.

Rinne an Coimisiún imscrúdú ar úinéireacht dhá shealbhóir eile ceadúnais. Bhíomar sásta sa dá chás go raibh na riachtanais úinéireachta agus rialaithe á gcomhlíonadh i gcónaí.


Is féidir iarratas ar cheadúnas oibriúcháin a dhéanamh ar líne ó bhí deireadh na bliana 2011 ann. Fuair an Coimisiún dhá iarratas den chineál sin sa bhliain 2012. D'fhoilsíomar treoir d'úsáideoirí faoin gcaoi le clárú chun an córas iarratais ar líne a úsáid, agus tá ábhair eile á bhforbairt againn chun cabhrú le hiarratais ar líne.

### Ceadanna do Chomhlachtaí Láimhseála ar an Talamh

Bhí faomhadh ag 48 comhlacht ón gCoimisiún ag deireadh na bliana 2012 seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar ag aerfort Bhaile Átha Cliath, Corcaí agus Shionainne. Bíonn na comhlachtaí sin ag gabháil do ghníomhaíochtaí mar chogairsiú aerárthach, aerárthaigh a ualú/dhí-ualú, athbhreoslú, láimhseáil bagáiste agus paisinéirí agus cothabháil aerárthach. Léiríonn Figiúr 3.1 thíos anailís ar na cineálacha seirbhísí láimhseála ar an talamh atá á dtairiscint ag gach aerfort.

Tá faomhadh ag 12 as na 48 comhlacht a gcuid láimhseála féin a dhéanamh (sa chás ina soláthraíonn an aerlíne féin a seirbhísí láimhseála ar an talamh) agus ag 36 do láimhseáil tríú páirtí. Tá ról dúbáilte ag ceithre cinn acu, agus bíonn siad ag gabháil do féin-láimhseáil agus do láimhseáil tríú páirtí.

**Figiúr 3.1: Soláthróirí Faofa Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh de réir Gníomhaíochta, 2012**



Foinse: An Coimisiún

Eisítear na ceadanna ar feadh tréimhse cúig bliana. D'athnuaigh an Coimisiún cúig chead sa bhliain 2012. Ghéill sealbhóir tríú páirtí amháin

nach raibh ag gabháil don ghníomhaíocht a thuilleadh ceann amháin acu, agus tugadh cead nua amháin.

Áiríodh moltaí maidir le Rialachán nua Láimhseála ar an Talamh in 'Pacáiste Aerfoirt' Choimisiún na hEorpa. Thugamar tuairimí maidir leis an dréacht reachtaíochta mar a iarradh orainn. Dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa téacs an Rialacháin mholta i mí na Nollag 2012 agus chuir siad faoi bhráid Choiste Iompair Pharlaimint na hEorpa arís é le haghaidh tuilleadh plé.

## Ceadúnú don Trádáil Taistil

Dheonaigh an Coimisiún ceadúnas do 273 gnólacht taistil sa bhliain 2012. Bhí íslíú beag (3) i líon na ngníomhairí taistil ach ní raibh athrú ar líon na dtionscnóirí turas. Ba í 2012 an dara bliain as a chéile nár theip ar aon ghnólacht ceadúnaithe agus, ar an ábhar sin, níor ghá dúinn aisíocaíochtaí a riar ná aisdúichithe a eagrú.

Déanann an Coimisiún táscairí áirithe feidhmíochta a thaifead agus a fhoilsiú, lena n-áirítear táscairí maidir lenár n-obair cheadúnaithe. Baineann cuid dár n-obair cheadúnaithe maidir leis an trádáil taistil le litir a eisiúint chuig iarratasóirí a chuireann comhairle orthu a dhul ar aghaidh agus banna a iarraidh; tugaimid litir cinneadh i bprionsabal air sin. Is í an aidhm atá againn a leithéid de litir a eisiúint laistigh de mhí amháin d'iarratas comhlánaithe a bheith faighte. Bhaineamar amach ár sprioc i gcás 81% d'iarratas sa bhliain 2011, agus laghdaigh an figiúr sin go dtí 46% sa bhliain 2012. I measc na gcúiseanna a bhí leis an laghdú sin, bhí líon foirne níos lú agus grinnscrúdú níos géire a bheith á dhéanamh ar iarratais sula n-eiseofaí a leithéid de litreacha. Mar sin féin, d'éirigh linn an t-am sin a shábháil níos deireanaí sa phróiseas sa mhéid is go bhfuair gach iarratasóir incháilithe sa bhliain 2012 a gceadúnais roimh dháta athnuachana an cheadúnais.

Fuaireamar 18 ngearán maidir le trádáil a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach. Ní raibh aon ghníomh eile ag teastáil i dt trí chás. Maidir leis an 15 chás eile, táimid i dteagmháil leis na haonáin sin chun a dhearbhú cé acu a tharla aon ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe nó nár tharla agus chun an gníomh atá le déanamh i ngach cás a shocrú.

Tá leas bainte ag 48 sealbhóir ceadúnais go dtí seo as an díolúine ó chuntais iniúchta a chur ar fáil.

Thugamar cuairt ar áitreabh gnó 42 sealbhóir ceadúnais sa bhliain 2012 chun a dhearbhú go raibh taifid chuí á gcoinneáil acu agus go raibh na riachtanais dhlíthiúla á gcomhlíonadh acu seachas sin.

Táthar ag fanacht le tuarascáil deiridh leachtóir Fáilte Travel Ltd. Tá imeachtaí dlí ar leithligh tionscanta ag an gCoimisiún agus é ag iarraidh go n-íocfadh banc an banna a thug sé do Portlaoise Travel Ltd. Tá an Coimisiún ag cosaint caingean dlí atá tionscanta ag gníomhaire taistil atá ag iarraidh aisghabháil an airgid a chaith sé tar éis dó seilbh a ghlacadh ar na háirithintí a bhí déanta ag custaiméirí ar imir teip gnólachta eile

tionchar orthu. Mar fhocal scoir, theip ar Manorcastle Ltd, a bhí i mbun trádála mar United Travel roimhe seo, dhá dhámhachtain costais a rinne an Ardchúirt ina choinne i bhfábhar an Choimisiúin a urscaoileadh, ar suim €140,927 í. Díscríobhadh an méid sin mar dhrochfhiach inár Ráitis Airgeadais don bhliain 2012.

Baintear úsáid as an gCiste Cosanta Taistealaithe sa chás ina gcliseann ar na bannaí atá curtha ar fáil ag tionscnóirí turas agus ag gníomhairí taistil na costais a bhaineann le haisdhúichiú, aisíocaíochtaí do chustaiméirí agus speansais riaracháin an Choimisiúin agus na héilimh á bpróiseáil aige a chlúdach go hiomlán. Is é €5,146,054 an t-iarmhéid a bhí sa chuntas ag deireadh na bliana 2012.

Éilítear ar thionscnóirí turas bannaí a sholáthar gach bliain arb ionann iad agus 10% dá láimhdeachas incheadúnaithe intuartha (PLTO). Éilítear ar ghníomhairí taistil déanamh amhlaidh agus 4% atá i bhfeidhm ina gcás siúd. Taispeántar sa tábla thíos luach na mbannaí agus an láimhdeachais incheadúnaithe intuartha do na blianta 2012 agus 2011.

**Tábla 3.2: Láimhdeachas Incheadúnaithe Intuartha agus bannú iomlán an tionscail taistil, 2012**

Aonáin cheadúnaithe	Athrú ar luach bannaí	2012	2012	2011	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
		Banna	Láimhdeachas Incheadúnaithe Intuartha	Banna	Láimhdeachas Incheadúnaithe Intuartha
Tionscnóirí turas	1.1	20.0	200.0	18.9	189.6
Gníomhairí taistil	3.3	37.3	933.6	34.0	851.6
Figiúirí iomlána	4.4	57.3	1133.6	52.9	1,041.2

Ní áirítear sa láimhdeachas thuas na méideanna a bhfuiltear ag súil leo ó na codanna sin de ghnólachtaí taistil nach bhfuil incheadúnaithe.

## Clár Oibre don bhliain 2013

Aidhm	Gníomhartha chun an aidhm a bhaint amach
Leanúint le riaradh na réimeas ceadúnaithe agus faofa d'aeriompróirí, do láimhseálaithe ar an talamh agus do ghnólachtaí sa trádáil taistil	Iarratais a phróiseáil go tráthúil agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ag na sealbhóirí reatha ceadúnas  Éilimh ar aisíocaíochtaí agus ar aisdhúichiú a phróiseáil, nuair atá gá leis  Imscrúdú a dhéanamh ar thuairiscí go bhfuil trádáil taistil neamhcheadúnaithe ann
Moladh an AE maidir le Rialachán athbhreithnithe i ndáil le Láimhseáil ar an Talamh	Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar bhonn leanúnach  Comhairle a chur ar fáil agus freastal ar chruinnithe de réir mar a theastaíonn sé



## CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

### Ról an Choimisiúin

Maidir le gach eitilt atá le fágáil as aerfoirt na hÉireann agus eitiltí a thagann isteach chuig aerfoirt na hÉireann ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach (chomh fada is gur eitiltí a bhí á bhfeidhmiú ag aeriompróirí a bhí ceadúnaithe ag an Aontas Eorpach iad), tá freagracht orainn gearáin a fhiosrú i ndáil le:

- heitiltí a chuirtear ar ceal;
- heitiltí a bhfuil moill dhá uair an chloig ar a laghad orthu; agus
- tráthanna nach gceadaítear do phaisinéir dul ar bord nó nuair a bhíonn íosghrádú i gceist.

Fiosraímid gearáin freisin maidir leis an gcúnamh a fhaigheann siad siúd a bhfuil míchumas orthu agus daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe orthu agus iad:

- ag déanamh áirithinte;
- ag taisteal trí aerfort in Éirinn; agus
- ar bord aerárthaigh a d'fhág ó aerfort de chuid na hÉireann.

Níl sé d'údarás againn déileáil le gearáin a bhaineann le:

- bagáiste, cánacha agus táillí aerlínte, formhuirir breosla san áireamh;
- hearráidí maidir le háirithintí nó le ticéid agus fadhbanna maidir le víosaí;
- haisíocaíochtaí mar gheall ar thinneas nó ar mhéala;
- fógraíocht bhréagach;
- seirbhísí ar bord ná fadhbanna a thagann chun cinn le linn na heitilte;
- paisinéirí a bhíonn mall don tseiceáil isteach;
- coinníollacha áirithinte na haerlíne agus fadhbanna a bhaineann leis an láithreán gréasáin; agus
- saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht.

### Gearáin Paisinéirí


Fuair an Coimisiún 3,272 fiosrú ón bpobal sa bhliain 2012. Is laghdú isteach is amach le 20 faoin gcéad é seo ón 4,105 fiosrú a fuarthas sa bhliain 2011.

Rinneadh iniúchadh ar gach ceann den 3,272 fiosrú a fuarthas sa bhliain 2012 maidir le cearta aerphaisinéirí faoi na rialacháin a bheith á sárú. Tháinig muid ar an gconclúid gur bhain 2,449 fiosrú le hábhair nach bhfuil aon fhreagracht ar an gCoimisiún ina leith. Chuamar i dteagmháil sna cásanna sin leis an duine a rinne an fiosrú agus threoraíomar chuig an gcomhlacht iad nó chuig an údarás a bhí in acmhainn déileáil lena ngearán

(áit a raibh an t-eolas sin againn). Bhí an fhéidearthacht ann gur sárú ar an Rialachán 807 de na fiosruithe agus caitheadh dá bhrí sin leo mar ghearáin bhailí. (Bhain an 16 fhiosrú eile le daoine a raibh soghluaisteacht laghdaithe acu.)

Mar a léiríonn an chart thíos, bhí líon níos airde fiosruithe ann sa bhliain 2012 le hais na bliana 2009, ainneoin gur laghdú é sin ar an líon ard a bhí ann sna blianta 2010 agus 2011.

**Figiúr 4.1: Fiosruithe Paisinéirí 2009-12**



*Foinse: An Coimisiún*

### **Eitiltí a Cuireadh ar Ceal, a raibh Moill orthu, Diúltú Bordála agus Íosghráduithe**


Mar a léiríonn an tábla thíos, bhain an chuid is mó den 807 gearán bailí a fuarthas le heitiltí a bheith á gcur ar ceal nó moill a bheith ar eitiltí seachas tráthanna nár ceadaíodh do phaisinéirí bordáil nó tráthanna a raibh íosghrádú i gceist. Bhain beagnach 37% le heitiltí a d'fhág ó aerfoirt i mBallstáit eile nó le heitiltí a bhí á bhfeidhmiú ag iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE agus a tháinig isteach chuig aerfoirt i mBallstáit eile ón tríú tír (e.g. na Stáit Aontaithe). Chuireamar na gearáin sin ar aghaidh chuig an gcomhlacht forfheidhmiúcháin náisiúnta inniúil le haghaidh tuilleadh fiosraithe, i ndiaidh dúinne réamhscagadh a dhéanamh chun muid féin a shásamh gur tháinig siad laistigh de réimse na rialachán a bhaineann le cearta aerphaisinéirí.

Tábla 4.1: Miondealú ar Ghearáin a bhain le Cearta Aerphaisinéirí sa bhliain 2012

Cineál Gearáin	An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	Comhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta eile	Iomlán	%
Cealú	163	81	244	30
Moill Fhada	207	150	357	44
Diúltú Bordála	21	25	46	6
Íosghrádú	2	0	2	1
Eile	116	42	158	19
<b>Eile</b>	<b>509</b>	<b>298</b>	<b>807</b>	<b>100</b>

Ba í an bhliain 2012 an chéad bhliain inar bhain tromlach mór na ngearán le heitilt ar cuireadh moill orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina léiriú ar fheasacht níos leithne i measc an phobail ar an réimeas um chearta aerphaisinéirí agus ar rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2009 i gcomhchásanna Sturgeon agus Bock inar rialaíodh go bhfuil paisinéirí a thagann i dtír ina gceann scríbe deireanach trí huairé nó níos mó tar éis an ama a bhí sceidealta<sup>13</sup> i dteideal cúitimh mura bhfuil an t-aeriompróir in ann a chruthú gur ceart díolúine a bheith i bhfeidhm<sup>14</sup>.

Figiúr 4.2: Cineál na nGearán a bhain le Cearta Aerphaisinéirí a ndearnadh imscrúdú orthu sa bhliain 2012



Foinse: An Coimisiún


<sup>13</sup> Mar thoradh ar mhoill.

<sup>14</sup> Thug aeriompróirí i gcás TUI Travel dúshlán rialú 2009 ina dhiaidh sin. Dheimhnigh breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin arís, i mí Dheireadh Fómhair 2012, rialú bunaidh Sturgeon agus Bock.

Bhí 509 gearán le himscrúdú ag an gCoimisiún. Tá torthaí na ngearán sin (amhail lár mhí Feabhra 2013) curtha i láthair i bhFigiúr 4.3. Tá 436 imscrúdú críochnaithe ag an gCoimisiún, agus tá 73 á bhfiosrú i gcónaí. Fuarthas i gcás 297 cás nach raibh bunús leis an ngearán faoin Rialachán, gur tharraing an paisinéir an gearán siar, nó gur bhain siad le sárú nach raibh aon sásamh ar fáil don phaisinéir ina leith. Fuarthas i gcás 59 cás go raibh cúinsí urghnácha i gceist agus gur thug an aerlíne faoi bhearta réasúnacha chun iad a sheachaint. Íocadh cúiteamh leis an bpaisinéir in 58 cás, agus in 22 cás eile fuair an custaiméir aisíoc ar chostas a dticéid agus/nó íocadh a speansais ar ais.

Maidir leis na gearáin a rinneadh sna blianta roimhe seo, tá gach ceann de na 264 gearán a fuarthas sa bhliain 2010 réitithe anois seachas ceann amháin. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 222 den 626 gearán a fuarthas le réiteach fós. Tá 208 acu sin tugtha chun críche anois freisin, figiúr a fhágann gur 747 an líon cás atá tugtha chun críche sa bhliain 2012. Cuireadh moill ar réiteach go leor de na gearáin níos sine fad is a bhíodhas ag fanacht le cinneadh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gceart ar chúiteamh i gcásanna moille.

**Figiúr 4.3: Torthaí ar Ghearáin a bhain le Ceartha Aerphaisinéirí a ndearnadh imscrúdú orthu sa bhliain 2012**



Déanann Tábla 4.2 thíos comparáid idir na torthaí do na blianta 2010-2012.

**Tábla 4.2: Gearáin na bliana 2012 a raibh Aisíoc nó Cúiteamh mar thoradh orthu**

Réiteach	2012	2011	2010
Cúiteamh íoctha ag an aerlíne don phaisinéir	58	18	5
Ní raibh cúiteamh le híoc – léirigh an aerlíne go raibh cúinsí urghnácha ann agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun moill nó cealú a sheachaint	80	252	11
D'aisíoc an aerlíne costas an ticéid agus/nó d'íoc sí as na speansais a tabhaíodh	27	183	28

Foinse: An Coimisiún

### Daoine a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe acu

Fuair an Coimisiún 16 fhiosrú i rith na bliana i ndáil le daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu. Bhain seacht gcinn acu sin le saincheistanna a tháinig chun cinn sula ndearnadh an áirithint ach ní sárúithe féideartha ar an Rialachán a bhí iontu. Gearáin bhailí a bhí sa 9 gearán eile a bhain le cúnamh:

- Ag am na háirithinte;
- Ón gcomhlacht bhainistíocht aerfoirt ag an aerfort;
- Ar an aerárthach ón aeríompróir.

Bhain ceithre cinn de na gearáin sin le Comhlachtaí Forfheidhmiúcháin Náisiúnta i mBallstáit eile agus cuireadh ar aghaidh chucu iad le haghaidh a bhfiosraithe i ndiaidh do réamh-athbhreithnithe a bheith tugtha chun críche. Is faoi dhualgas an Choimisiúin a tháinig trí ghearán agus rinneadh imscrúdú cuí orthu agus cuireadh clabhsúr orthu. Níor aimsíodh aon sárú ar an Rialachán in aon cheann de na cásanna. Comh-imscrúdú a bhí i gceist leis an dá ghearán eile idir an Coimisiún agus Comhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta eile. Sa dá chás, tá a chuid den imscrúdú déanta ag an gCoimisiún agus is faoi bhráid Chomhlachtaí Forfheidhmiúcháin Náisiúnta atá siad faoi láthair.

### Freagra lucht an tionscail ar ghearán ó phaisinéirí

Tá an réimeas um chearta paisinéirí á fhorfheidhmiú ag an gCoimisiún le 8 mbliana anois. Táimid i mbun teagmhála forleithne leis na haerlínte chun a chinntiú go dtuigeann siad na dualgais atá orthu go soiléir, go bhfuil cearta paisinéirí le cur i bhfeidhm ag an am a gcuirtear isteach ar a dturas oiread agus is féidir, agus sa chás nach bhfuil sé sin indéanta agus go ndéantar gearán dá bharr, go dtabharfaí freagra cuimsitheach orthu agus go ndéanfaí é sin ar an gcaoi a samhlaítear sa reachtaíocht.

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil an cur chuige chun gearáin a láimhseáil níos éifeachtaí ag roinnt aeríompróirí thar a chéile. Is iad na tairbhí a bhaineann leis an réimeas um chearta paisinéirí ina bhfuil tuiscint shoiléir ag gach páirtí ar a gcuid dualgas comhlíonadh níos fearr sa chás ina gcuirtear isteach ar eitilt, agus láimhseáil níos fearr ar aon ghearán a thagann chun cinn ina dhiaidh sin. Cuireann sé sin, ar a uain, le cáil na haerlíne agus cabhraíonn sé chomh maith lenár gcostais agus, dar linn, lena gcostais siúd a laghdú.

Tá éabhlóid nach beag tagtha ar an gcumarsáid idir an Coimisiún agus lucht an tionscail ó na laethanta tosaigh nuair ba mhinic a chuir aerlínte go mór in aghaidh an réimis um chearta aerphaisinéirí agus nuair ba mhalltriallach an sruth eolais ó iompróirí go dtí an Coimisiún maidir le gearáin. Sa lá atá inniu ann, comhoibríonn tromlach na n-aerlínte a mbímid ag obair leo go hiomlán i rith an phróisis chun gearáin a láimhseáil sa mhéid is nach mbíonn fad le cásanna ach amháin na cásanna casta nó cásanna atá ar feithemh ar chásdlí.

Ar an drochuair, níor chomhoibrigh gach aeriompróir go hiomlán de réir na reachtaíochta agus le blianta beaga anuas bhí ar an gCoimisiún dul i ngleic go minic le American Airlines, le hAer Lingus agus le Turkish Airlines agus fad scéil a bhaint as cásanna a chreidimid a bheith inleigheasta go réidh. Ag tús na bliana 2012, bhain go leor de na cásanna a bhí ag tógáil níos faide ná ba cheart le réiteach leis na haerlínte sin. Tháinig feabhas áirithe ar an scéal sin sa dara leath den bhliain 2012. Leanaimid orainn de bheith ag lorg tuilleadh feabhais ó na haeriompróirí sin; mar sin féin, d'fhéadfadh gníomhartha breise forfheidhmithe a bheith riachtanach mura mbainfí amach agus mura gcoinneofaí an caighdeán i rith na míonna amach romhainn.

## Obair eile

Chomh maith le fiosruithe agus gearáin a láimhseáil, lean an Coimisiún lena chuid oibre sa bhliain 2012 chun feasacht tomhaltóirí a ardú maidir le cearta paisinéirí. Bhí seastán eolais againn ag aonach Holiday World 2012 i mBaile Átha Cliath agus ghlacamar páirt sa dara imeacht bliantúil de chuid Lá Chearta na nAerphaisinéirí a reáchtáladh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Iúil.

Thugamar faoi ocht gcigireacht aerfoirt chun a chinntiú

- go raibh aeriompróirí ag comhlíonadh na rialachán maidir le haerphaisinéirí; agus
- go raibh comhlachtaí bainistíochta aerfoirt ag comhlíonadh a n-oibleagáidí do phaisinéirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.

Lean an Coimisiún leis ag gabháil leis an AE agus le Comhlachtaí Forfheidhmiúcháin Náisiúnta eile chun cur chuige comhchuibhithe i dtaca le cur i bhfeidhm na rialachán a éascú. Chabhraíomar sa bhliain 2012 le dréachtú agus le bail críche a chur ar na 'Treoirínte Léirmhínteacha maidir le feidhmiú Rialachán 1107' agus, ar iarratas ó Choimisiún na hEorpa, ghlacamar páirt i nGrúpa Oibre ar sannadh an tasc air imscrúdú a dhéanamh ar fhoráil na 'gcúinsí urghnácha' i Rialachán 261 i bhfianaise an athmhúnlaithé ionchasaigh atá le déanamh ar an reachtaíocht seo.

## Clár Oibre don bhliain 2013

Aidhm	Gníomhartha chun an aidhm a bhaint amach
Comhlíonadh dlíthe an AE maidir le cearta paisinéirí a chinntiú	Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a gheobhfar Cigireacht a dhéanamh ar aerfoirt
Feasacht an phobail maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta aerphaisinéirí a ardú	Eolas a sholáthar ag imeachtaí feiliúnacha an tionscail agus ar ár láithreán gréasáin
Treoirínte a fhorbairt maidir le feidhmiú ceart na forála a bhaineann le ‘cúinsí urghnácha’ agus liosta cuimsitheach samplaí atá aitheanta agus a bhfuil comhaontú maidir leo ann a thiomsú	Páirt ghníomhach a ghlacadh i nGrúpa Oibre an AE agus cur le hobair an Ghrúpa sin

# FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA

## Acmhainní Daonna

Bhí 15 bhall foirne ag an gCoimisiún sa bhliain 2012 ar an meán (cóibhéis lánaimseartha), i gcomparáid leis an liúntas faoi rialacha an Chreata Rialacha Fostaíochta, arb ionann é agus 18 bpost. D'earcaíomar eacnamaí nua amháin agus líonamar dhá phost trí athlonnú. D'fhill beirt a bhí ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar a dhul in éag dá dtréimhsí iasachta ag deireadh na bliana, agus tháinig duine amháin ar iasacht ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go dtí an Coimisiún. Tá súil againn dhá fholúntas a líonadh sa bhliain 2013.

Tá baill foirne á n-íoc ag ráta atá nasctha go díreach le poist sa Státseirbhís agus faofa ag an Roinn Airgeadais.

Ba €199,210 tuarastal agus costais phinsin bhall an Choimisiúin sa bhliain 2012. Níor cuireadh aon tairbhe eile ar fáil.

Feidhmíonn an Coimisiún dhá scéim aoisliúntais, ar bunaíodh iad mar a éilíodh faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Taispeánann athbhreithniú achtúireachta ar na dliteanais phinsin gur laghdaigh easnamh scéim na bliana 2011, arb ionann é agus €252,733, go dtí €42,513 ag deireadh na bliana 2012, de réir na rialacha FRS17. Tá an Coimisiún ag súil €102,643 a chur leis an gciste pinsin sa bhliain 2013. Níl scéimeanna pinsin an Choimisiúin faofa go hiomlán ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ná ag an Roinne Airgeadais fós. Ábhar imní tromchúiseach an staid seo do bhainisteoirí agus d'fhoireann na hoifige agus don choiste iniúchta sheachtraigh chomh maith le hÍontaobhaithe an chiste pinsin.

## Dualgais Riaracháin

Déanann an Coimisiún a dhícheall na forálacha ábhartha den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. De dheasca nádúr a chuid gníomhaíochtaí agus an líon foirne atá aige a bheith beag, níl feidhm ag gnéithe áirithe den Chód. Tá tuilleadh eolais sa chuid eile den rannán seo faoin gcaoi ar chomhlíon an Coimisiún an Cód.

D'ídigh an Coimisiún 1,849 cileavata fuinnimh sa bhliain 2012 i gcomparáid le 2,134 sa bhliain 2011.

## Trédhearcacht agus Saoráil Faisnéise

Cuireann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a chuid dualgas i gcric chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear páipéir chomhairliúcháin, fógraí, doiciméid tacaíochta, freagraí ó gheallsealbhóirí agus cinntí rialála ar ár láithreán gréasáin [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie). Tá an liosta doiciméad a d'fhoilsigh an Coimisiún sa bhliain 2012 liostáilte san aghuisín. Tá sonraí faoi orduithe



ceannaigh a bhfuil luach níos mó ná €20,000 orthu á bhfoilsíú ar a láithreán gréasáin ó mhí an Mhárta 2012 ar aghaidh.

Ní dhearnadh aon iarratas faoin reachtaíocht um Shaoráil Fáisnéise sa bhliain 2012.

### Dlíthíocht

D'íoc Ryanair suim arb ionann í agus €205,134.42 leis an gCoimisiún i mí Feabhra 2012 mar réiteach ar chostais dlí an Choimisiúin ag éirí as na trí chás seo a leanas:

- (iv) Athbhreithniú Dlíthiúil ar chinneadh 2005 aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe.
- (v) Athbhreithniú Dlíthiúil ar chinneadh 2007 aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe.
- (vi) An tAthbhreithniú Dlíthiúil ar an Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2005 maidir le Muirir Aerfoirt.

### Coiste Iniúchta

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile 4 huairé sa bhliain 2012. Tugadh faisnéis mhionsonraithe don Choiste ag gach cruinniú faoi obair an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta. D'fhreastail an Coimisinéir ar roinnt de na cruinnithe sin, nó ar gach ceann acu. D'fhreastail baill foirne an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus ionadaithe ó na hIniúcháirí Inmheánacha ó am go chéile orthu. Is iad seo a leanas na réimsí a raibh athbhreithniú á dhéanamh orthu sa bhliain 2012:

- An clár rioscaí
- Rialuithe inmheánacha airgeadais
- An cód cleachtais um rialachas comhlachtaí stáit.

Bhí an Coiste Iniúchta sásta le socruithe an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta sna réimsí sin.

Cód Iompair an Choimisiúin	Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún dá fhostaithe. Baineann <i>Cóid Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse</i> le baill foirne atá ar iasacht ón Roinn Iompair.
Iniúchadh Inmheánach	Ceapann an Coimisiún gnólacht iniúcháirí chun tabhairt faoi a fheidhm iniúchta inmheánaigh. Feidhmíonn an t-iniúcháir inmheánach faoi threoir choiste iniúchta sheachtraigh. Sa bhliain 2012, sheol D'Arcy Lynch iniúchtaí ar shlándáil an láithreáin ghréasáin, ar chur i bhfeidhm moltaí a rinneadh mar thoradh ar iniúchtaí roimhe sin, athbhreithniú ar idirbhearta airgeadais agus athbhreithniú ar ár Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Rinne an Coimisinéir, bainisteoirí sinsearach agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar na tuairiscí sin.
Soláthar	Comhlíonann nósanna imeachta an Choimisiúin treoirlínte agus

	<p>treoracha náisiúnta, agus sa chás gur infheidhmithe, iad sin a bhaineann leis an AE. I bhfianaise luach an chuid is mó de na conarthaí, is iad na treoirlínte is mó a bhfuil feidhm leo.</p> <p>Chuir an Coimisiún plean soláthair i dtoll a chéile sa bhliain 2012 inar leagadh amach na réimsí a bhfuil súil leis go mbeidh sé ag glacadh le tairiscintí chun seirbhísí a sholáthar.</p>
Diúscairt sócmhainní agus rochtain trú páirtithe ar shócmhainní	Níl sócmhainní ag an gCoimisiún a bhfuil luach orthu atá chomh mór leis sin a shamhlaítear faoi na treoirlínte (€150,000). Níor diúscaíodh aon sócmhainn i rith na bliana 2012.
Éagsúlú	Níor chuir an Coimisiún aon mholadh maidir le héagsúlú faoi bhráid an Aire sa bhliain 2012.
Breithmheas infheistíochta	Níor thabhaigh an Coimisiún aon chaiteachas caipitil sa bhliain 2012 a tháinig laistigh de scóip na ngníomhaíochtaí a samhlaíodh i ndoiciméad na Roinne sa bhliain 2005, <i>Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals in the Public Sector</i> . Tá tuairisc curtha faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe aige maidir le caiteachas TFC, mar a éilíodh air.
Íocaíocht bainisteoirí sinsearacha agus táillí stiúrthóirí	Féach rannán na caibidle seo dar teideal <i>Acmhainní Daonna</i> chun eolas a fháil faoin réimse seo. Níl aon stiúrthóir ann agus níl feidhm ag táillí.
Socrúithe tuairiscithe	<p>Cuireann an Coimisiún tuairiscí faoi bhráid an Aire lompair de réir mar a éilítear iad. Tá córas cuntasáíochta lánfhorbatha ag an gCoimisiún a chuireann tuairiscí mionsonraithe bainistíochta agus airgeadais ar fáil do na bainisteoirí sinsearacha. Glacann an Coimisiún le Caighdeán Tuairiscithe Idirnáisiúnta i dtaobh a chuid tuairiscithe. Ríomhann sé a chuntas leis an gcóras cuntasáíochta fabhráithe, ach amháin san áit a sonraítear sna nótaí do na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtair Ciste agus Cuntas iniúchadh ar na ráitis sin.</p> <p>Tá bearta ag an gCoimisiún chun an oibleagáid leabhair cuntais chuí a choinneáil a chomhlíonadh. Tá siad seo á gcoinneáil san oifig aonair aige.</p>
Pleanáil straitéiseach agus chorparáideach	<p>Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, san Acht um Aerfoirt Stáit 2004 agus san Acht Eitlíochta 2006.</p> <p>Leagann an Coimisiún amach plean oibre bliantúil maidir le gach réimse feidhme atá beartaithe lena chuspóirí agus a oibleagáidí reachtúla a shásamh. Cuireann an Coimisiún tuairisc faoi bhráid an Aire lompair gach bliain faoin gcaoi ar cuireadh na feidhmeanna sin i gcrích sa bhliain roimhe sin.</p> <p>Tá comhaontú idir an Coimisiún agus an Roinn lompair nach n-ullmhóidh sé plean straitéiseach cúig bliana i bhfianaise fógra an rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2009 go mbeadh an Coimisiún á</p>

	<p>chumasc leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Fógraíodh le gairid in <i>Plean Athchóirithe don Earnáil Phoiblí</i> de chuid an Rialtais go ndéanfaí cuid d'Údarás Eitlíochta na hÉireann a chumasc leis an gCoimisiún sa bhliain 2012. Rinne an rialtas athbhreithniú ar an dáta sin sa bhliain 2012 agus tá dáta nua i mí na Nollag 2014 socraithe anois.</p>
Comhlíonadh cánach	<p>Tá an Coimisiún dlite ÍMAT, CBL agus Cáin Iarchoimeáda do Sheirbhísí Proifisiúnta a íoc. Tá gach tuairisceán cánach ábhartha leagtha isteach ag an gCoimisiún don bhliain 2012 agus tá sé comhlíontach go hiomlán ó thaobh cánach de.</p>
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	<p>Tá sé dearbhaithe ag an gCoimisinéir sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2012 gur seoladh athbhreithnú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmhéanaigh airgeadais. Tá sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe airgeadais sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais. Is é an Coimisinéir an tOifigeach Cuntasach chun críche cuntasachta don Oireachtas.</p>
Beartas Taistil	<p>Comhlíonann an Coimisiún riachtanais bheartas taistil an Rialtais.</p>
Nochtadh Leasanna	<p>Tá an Coimisinéir, a chuid foirne, agus gach comhairleoir, de réir mar a éilítear é, comhlíontach leis na riachtanais nochtaithe ábhartha a éiríonn as alt 18 den Acht um Eiticí in Oifigí Poiblí 1995 agus as ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.</p> <p>Is ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá an fhreagracht as comórtais oscailte a eagrú chun Baill an Choimisiúin a cheapadh. Coimisinéir amháin atá ann faoi láthair.</p>
Bainistíocht Rioscaí	<p>Tá clár rioscaí á choinneáil ag an gCoimisiún a ndéanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú rialta air agus comhoibríonn an Coimisiún leis an gcoiste iniúchta chun rioscaí a láimhseáil.</p>

## FAISNÉIS AIRGEADAIS

### Tobhach

Chun críche na speansais a tabhaíodh go cuí le linn dó a bheith ag cur a chuid dualgas i gcrích, d'fhéadfadh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh chun tobhach a ghearradh chun a chostais agus speansais mheasta oibriúcháin a chlúdach ach gan a dhul thar sin. Tá an tobhach iníoctha ag a leithéid de ghnóthais is a d'fhéadfadh a bheith sonraithe ag an gCoimisiún.

Thug Rialachán "an Achta um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 13) 2012" (I.R. Uimh. 546 de 2012) den 21 Nollaig 2012 éifeacht do Thobhach an Choimisiúin don bhliain 2013. Tá na hioncaim a bhfuil an Coimisiún ag súil lena bhfáil ón tobhach sa bhliain 2013 13% níos airde ná ioncaim tobhaigh na bliana 2012.

Shocraigh an Coimisiún tobhach na bliana 2013 ag féachaint do chostais agus speansais oibriúcháin thar tréimhse cúig bliana. Tá an t-athrú seo beartaithe leis na luaineachtaí bliantúla sa tobhach a dhéanamh réidh.

### Ráitis Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain 2011 agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad. Leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad an 18 Deireadh Fómhair 2012. Tá na cuntais sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Tá ráitis dréachta airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ullmhaithe, agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad an 28 Feabhra 2013. Tá sliocht as na ráitis sin le fáil sna leathanaigh seo a leanas.

<b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 - Dréacht</b>					
			<b>Nótaí</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
<b>Ioncam</b>				<b>€</b>	<b>€</b>
Ioncam Tobhaigh			1	2,220,260	2,458,750
Táillí Ceadúnais			1	168,263	199,832
Eile			1	41,513	41,714
<b>Ioncam Comhlán</b>				2,430,416	2,700,296
Aistriú (go dtí)/ón gCuntas Caipitil			9	15,380	16,688
<b>Ioncam Glan</b>				2,445,416	2,716,984
<b>Caiteachas</b>					
Costais Foirne			3	1,293,962	1,288,410
Costais Phinsin			10 (a)	136,023	136,178
Comhairleacht				26,351	172,878
Táillí Dí				181,370	(160,167)
Ćíos				282,363	282,550
Éascú Sceideal				277,806	280,369
Eile				429,056	394,427
			2	2,626,931	2,394,645
Barrachas /(Easnamh) Oibriúcháin			14	(181,515)	322,339
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir				2,284,725	1,962,386
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig				2,103,210	2,284,725

Cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18.

**Cathal Guiomard**  
**An Coimisinéir**

**28 Feabhra 2013**

<b>Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 - Dréacht</b>			
		<b>2012</b>	
	<b>Nótaí</b>	<b>€</b>	
Barrachas Oibriúcháin		(181,515)	322,339
Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní na scéime pinsin	10 (c)	112,950	(163,859)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ag éirí as dlíteanais na scéime pinsin	10 (d)	46,618	65,369
Athruithe ar na boinn tuisceana ar a bhfuil luach dhlíteanais na scéime pinsin bunaithe		-	-
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach		159,568	(98,490)
Gnóthachain/(Caillteanais) Iomlána Aitheanta a bhaineann leis an Bhliain Airgeadais		(21,947)	223,849

€247,131 an caillteanas carnach aitheanta as gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa cheithre bliana seo caite.

Gluaiseacht sa Chúlchiste Pinsin	<b>2012</b>	<b>2011</b>
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	(202,081)	(103,591)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	159,568	(98,490)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>(42,513)</u>	<u>(202,081)</u>

Cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18.

**Cathal Guiomard**  
**An Coimisinéir**

**28 Feabhra 2013**

<b>Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012 - Dréacht</b>					
			<b>2012</b>		<b>2011</b>
	<b>Nótaí</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Sócmhainní seasta</b>					
Sócmhainní inláimhsithe	4		18,355		33,735
<b>Sócmhainní reatha</b>					
Cuntais Bainc	5	15,522,828		14,347,438	
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	249,154		949,398	
		15,771,982		15,296,836	
<b>Creidiúnaithe: Méideanna le híoc laistigh de bhliain</b>					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	7	(337,316)		(157,100)	
Cuntais Bhannaí Airgid	5	(13,244,738)		(12,478,82)	
		(13,582,54)		(12,635,92)	
<b>Glansócmhainní / (Dliteanais) Reatha</b>			2,189,928		2,660,910
<b>Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais Reatha</b>			2,208,283		2,694,645
<b>Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir</b>	8		-		(325,533)
<b>Glansócmhainní gan Dliteanas Pinsin san Áireamh</b>			2,208,283		2,369,112
Glansócmhainní / (Dliteanas) Pinsin	10 (b)		(129,231)		(252,733)
<b>Glansócmhainní / (Dliteanais) lena n-áirítear Sócmhainní / (Dliteanas) Pinsin</b>			2,079,052		2,116,379
<b>Arna Mhaoiniú ag</b>					
Barrachas / (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais			2,103,210		2,284,725
Cuntas Caipitil	9		18,355		33,735
Cúlchiste Pinsin			(42,513)		(202,081)

			2,079,052		2,116,379
--	--	--	-----------	--	-----------

Cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18.

**Cathal Guiomard**  
**An Coimisinéir**

**28 Feabhra 2013**



<b>Ráiteas Sreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 - Dréacht</b>			
		<b>2012</b>	<b>2011</b>
	<b>Nótaí</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Réiteach an bharrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas		(181,515)	322,339
Difríocht idir Costas Pinsin agus Ranníocaíocht Fostóra		36,066	38,070
Dímheas	4	15,154	16,688
Ús Bainc		(37,577)	(29,061)
Aistriú (ón)/go dtí an Cuntas Caipitil		(15,380)	(16,688)
Ísliú/(Ardú) i bhFeichiúnaithe	6	701,914	380,755
Ísliú/(Ardú) i Réamhíocaíochtaí	6	(1,671)	4,321
(Ísliú)/Ardú i gCreidiúnaithe	7	46,250	4,549
(Ísliú)/Ardú i bhFabhrúithe	7	133,967	(86,841)
(Ísliú)/Ardú i Soláthairtí	8	(325,533)	(267,397)
<b>Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		371,675	366,735
<b>Ráiteas Sreabhadh Airgid</b>			
Glan-insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		371,675	366,735
Fáltais as Infheistíochtaí			
Ús Bainc		37,578	29,061
Caiteachas Caipitil			
Ceannach sócmhainní seasta	4	225	-
Maoiniú			
Ardú/(Ísliú) ar Chuntais Bhannaí Airgid agus ar an gCiste Cosanta Taistealaithe	5	765,912	(293,851)
Bainistiú Acmhainní Leachtacha			
(Ardú) / Ísliú ar Airgead i dTaisce	5	(416,365)	(531,516)
<b>Ardú / (Ísliú) ar Iarmhéideanna Airgid</b>		759,025	(429,571)
<b>Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseachtaí sna glanchistí</b>			
Ardú/(Ísliú) ar airgead ar láimh sa tréimhse		759,025	(429,571)
Airgead tirim a úsáideadh le hacmhainní leachtacha a (laghdú) /a mhéadú	5	416,365	531,516
Athrú sna Glanchistí		1,175,390	101,945
Glanchistí ar Oscailt		14,347,438	14,245,493
Glanchistí ar Dúnadh		15,522,828	14,347,438

Cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 18.

**Cathal Guiomard**  
**An Coimisinéir**

**28 Feabhra 2013**

# AGUISÍN

## Páipéir an Choimisiúin sa bhliain 2012

CP1/2012 Aibreán 2012	Infheistíochtaí sa Todhchaí agus an Scipéad Rialála
CP2/2012 Samhain 2012	Comhairliúchán maidir le cinneadh an Phainéal Achomhairc Eitlíochta 2012
CP3/2012 Nollaig 2012	Infheistíochtaí i nGníomhaíochtaí Tráchtála: Treoir Comhairliúcháin maidir le Caiteachas Caipitil agus Impleachtaí don Scipéad Rialála
CN1/2012 Meitheamh 2012	Socruithe maidir le Ceadúnú don Trádáil Taistil don Fhómhar 2012

## Tuairisc Aschuir

### Muirir agus Rialú Sealanna

Spríoc na bliana 2012	Toradh na bliana 2012
Imscrúdú a dhéanamh arís ar an gcur chuige reatha chun cinntí a dhéanamh maidir le muirir ag aerfort Bhaile Átha Cliath, agus na réimsí sin, más ann dóibh, a bhféadfadh athruithe a bheith ag teastáil iontu a aimsiú	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Foilsíodh páipéar comhairliúcháin i mí Aibreáin</li> <li>➤ Foilsíodh Páipéar Deiridh an Choimisiúin i mí na Nollag</li> </ul>
Comhairle a sholáthar maidir le hathruithe féideartha don réimeas sealanna	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Níor iarr an DTTAS aon chomhairle</li> </ul>
Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaidhpeanna praghais atá ann faoi láthair agus oibriú réidh leanúnach an réimis sceidilithe reatha ag aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Tá an Coimisiún sásta gur chomhlíon Údarás Eitlíochta na hÉireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an caidhp praghais</li> <li>➤ Rinneadh athbhreithniú ar thomhais na scuainí slándála</li> <li>➤ D'fhreastail an Coimisiún ar Chruinnithe den Choiste Comhordaithe agus rinneadh teagmháil rialta leis an ACL chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí tráchta ag aerfort Bhaile Átha Cliath</li> </ul>

### Ceadúnú agus Ceadanna

Spríoc na bliana 2012	Toradh na bliana 2012
➤ A chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí ceadúnas aeriompróra riachtanais na reachtaíochta	<ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Rinneadh monatóireacht ar gach sealbhóirí ceadúnais maidir le comhlíonadh na reachtaíochta</li> <li>➤ Tugadh faoi athbhreithniú dhá bhliain ar an gceadúnas oibriúcháin mar a éilíodh</li> </ul>

➤ Áis ceadúnaithe ar líne	➤ Foilsíodh treoir d'úsáideoirí faoin gcaoi leis an gcóras ar líne a úsáid
➤ Tuiscint níos fearr ar an réimeas ceadúnaithe d'aeriompróirí a chur chun cinn i measc sealbhóirí ceadúnais agus an pobal	➤ Eisíodh dioscaí ceadúnais don bhliain 2013 do gach oibritheoir héileacaptar agus aerárthach beag
➤ Leanúint le cuideachtaí láimhseála ar an talamh a cheadúnú agus monatóireacht a dhéanamh orthu	➤ Sholáthair gach sealbhóir Cead Láimhseáil ar an Talamh faisnéis airgeadais agus chuir siad clúdach árachais a bhí suas chun dáta ar fáil ➤ Chuaigh an Cead Láimhseáil ar an Talamh a bhí ag 5 chuideachta in éag agus athnuadh go rathúil iad
➤ Leanúint leis an scéim ceadúnaithe agus bannaí do chuideachtaí sa trádáil taistil in Éirinn a riar	➤ Eisíodh 273 ceadúnas agus tugadh cuairt ar 42 cuideachta chun comhlíonadh a mheas
➤ Ullmhú do thionchar féideartha reachtaíocht na hEorpa ar oibriú an réimis trádáil taistil reatha in Éirinn	➤ Reáchtáladh líon cruinnithe le hionadaithe ón Roinn Iompair agus le hOifig an Ard-Aighne, féachaint le freagra beartais a thabhairt ar thionchar reachtaíocht na hEorpa

## Ceartha Aerphaisinéirí

Sprioc na bliana 2012	Toradh na bliana 2012
➤ Comhlíonadh dlíthe an AE maidir le cearta aerphaisinéirí a chinntiú	➤ Fuarthas 807 gearán nua. Fuarthas 298 gearán nua a bhain le comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile ➤ Imscrúdú déanta i gcás 509 gearán agus críochnaithe i gcás 436 gearán ➤ Cigireacht déanta ar 8 n-aerfort
➤ Feasacht an phobail maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta aerphaisinéirí a ardú	➤ Ghlac an Coimisiún páirt i Lá Chearta na nAerphaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ➤ Ghlac an Coimisiún páirt san aonach Holiday World i mBaile Átha Cliath

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Táscaire Feidhmíochta	Feidhmíocht 2012
Ceadúnú	
Iarratasóirí ar cheadúnas curtha ar an eolas laistigh de sheachtain faoi dhoiciméid a bheith ar iarraidh	57%
Cinneadh i bprionsabal faighte ag iarratasóirí ar cheadúnas laistigh de mhí	46%
Ceadúnais eisithe laistigh de dhá sheachtain i ndiaidh do gach	100%

doiciméad a bheith faighte	
Líon áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu	42
Éilimh agus Aisdhúichiú	
Líon na n-éileamh a fuarthas i ndiaidh gur theip ar chomhlacht sa trádáil taistil	0
Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí	Ní thagann i gceist
Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí	Ní thagann i gceist
Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí	Ní thagann i gceist
Costais riaracháin mar chéatadán de chostais éileamh san iomlán	Ní thagann i gceist
Líon na bpaisinéirí a ndearnadh aisdhúichiú orthu	Ní thagann i gceist
Paisinéirí ag fanacht le haisdhúichiú tar éis dá ndáta fillte sceidilthe a bheith caite	Ní thagann i gceist
Paisinéirí ag fanacht le haisdhúichiú ar feadh níos mó ná seachtain	Ní thagann i gceist
Cosaint Tomhaltóirí	
Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin críochnaithe laistigh de sheachtain	82%
Gearáin curtha faoi bhráid Chomhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta eile laistigh de mhí ó fuarthas iad	100%
Imscrúduithe críochnaithe laistigh de thrí mhí ó fuarthas iad <sup>15</sup>	78%
Imscrúduithe críochnaithe laistigh de sheacht mí ó fuarthas iad <sup>16</sup>	88%
Líon na gcigireachtaí aerfoirt	8
Costais	
Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin	10%
Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin (gan táillí dlí, comhordú aerfoirt agus na costais a bhaineann le héilimh a phróiseáil a bheith san áireamh)	-5%

<sup>15</sup> | gcás gearáin a fuarthas idir 1 Eanáir agus 31 Deireadh Fómhair 2011.

<sup>16</sup> | gcás gearáin a fuarthas idir 1 Eanáir agus 31 Iúil 2011.